Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2024/2904

19.11.2024

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2904 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 14 Samhain 2024**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/450 a mhéid a bhaineann le foilsiú tagairtí do Dhoiciméid um Measúnú Eorpach maidir le córacha dorais inmheánacha nach bhfuil dódhíonach ná nach bhfuil saintréithe rialaithe deataigh iontu agus atá déanta as próifílí miotail agus bulcábhar polaistiréine ceangailte le haghaidh insliú teirmeach, insliú fuaime nó an dá rud agus táirgí foirgníochta eile**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2011 lena leagtar síos coinníollacha comhchuibhithe maidir le táirgí foirgníochta a mhargú agus lena n-aisghairtear Treoir 89/106/CEE ón gComhairle [1], agus go hairithe Airteagal 22 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 305/2011, ar iarrataí ó mhonaróirí ar Mheasúnuithe Teicniúla Eorpacha, ghlac eagraíocht na gComhlachtaí um Measúnú Teicniúil 26 Dhoiciméad um Measúnú Eorpach.

(2) Is leis na tagairtí seo a leanas le haghaidh táirgí foirgníochta a bhaineann na Doiciméid um Measúnú Eorpach a ghlac eagraíocht na gComhlachtaí um Measúnú Teicniúil:

— córacha dorais inmheánacha nach bhfuil dódhíonach ná nach bhfuil saintréithe rialaithe deataigh iontu agus atá déanta as próifílí miotail;

— bulcábhar polaistiréine ceangailte le haghaidh insliú teirmeach, insliú fuaime nó an dá rud (a chuirtear in ionad na sonraíochta teicniúla 'EAD 040635-00-1201');

— clár inslithe theirmigh atá déanta as aeraghlóthach shilice nó polúireatáin ar ábhar iompróra;

— idirshraith sholúbtha chun fuaim indíreach agus tarchur creathaidh a laghdú;

— leaca ilsraitheanna ceirmeacha le haghaidh cumhdaigh ballaí agus urlár;

— lann-adhmad blocghliúáilte go speisialta;

— ceanglóirí de chineál duail adhmadbhunaithe;

— stroighin Portland ina bhfuil líonach *pozzolana* le haghaidh úsáid thrópaiceach (a chuirtear in ionad shonraíocht theicniúil '150007-00-0301');

— stroighin ardalúmana alúmanach bhán;

— fearais chun boltaí carraige agus tairní ithreach a thógáil – fearais ina bhfuil barraí tolla le haghaidh tairne féindruileála – barraí tolla d'fheadáin chruach gan uaim nó táthaithe;

— eilimintí treisithe ceann dúbailte de chruth s chun friotaíocht fiartha puinseála na mbonnra agus na leac talún a mhéadú;

— fearais comhlaí cúluisce atá déanta as plaistigh atá le cur isteach i gcórais draenála domhantarraingthe;

— deighilteoirí séarachais laistigh d'fhoirgnimh;

— fearais aisfheistithe le haghaidh gléasraí beaga cóireála fuíolluisce;

— aonaid pábhála féinbhlocála phlaisteacha athchúrsáilte;

[1] IO L 88, 4.4.2011, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/305/oj.

— líonta cábla a bhfuil comhpháirteanna ceangail iontu;

— eangacha snáithín neamhorgánacha chun scrídeanna stroighne, ainhidríte nó roisínbhunacha a threisiú;

— aonaid ghloine inslithe folúis;

— aonaid ghloine inslithe bhrúchothromúcháin;

— cainéil ancaire (a chuirtear in ionad shonraíocht theicniúil 'EAD 330008-03-0601')';

— fearais chlampála chun baill choincréite réamhtheilgthe a nascadh (a chuirtear in ionad shonraíocht theicniúil 'EAD 332001-00-0602');

— lúbchóras sreinge chun eilimintí coincréite réamhtheilgthe agus *in-situ* a nascadh (a chuirtear in ionad shonraíocht theicniúil 'EAD 332589-00-0601');

— scriúnna coincréite chun painéil srathaithe a cheangal;

— fearais atá déanta as mogall snáithín gloine alcaildíonach, nascóirí agus moirtéal chun saoirseacht agus eilimintí coincréite treisithe a neartú trí nascadh seachtrach;

— aonaid foirgnimh dhódhíonacha réamhdhéanta;

— córais aerála déanta as olann charraige agus fásálacha ar an taobh amuigh agus ar an taobh istigh (a chuirtear in ionad shonraíocht theicniúil 'EAD 360001-01-0803').

(3) Na Doiciméid um Measúnú Eorpach a ghlac eagraíocht na gComhlachtaí um Measúnú Teicniúil, comhlíonann siad na ceanglais atá le comhlíonadh maidir leis na buncheanglais i leith oibreacha foirgníochta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 305/2011. Dá bhrí sin, is iomchuí na tagairtí do na Doiciméid um Measúnú Eorpach sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(4) Is de bhun Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/450 ón gCoimisiún a fhoilsítear an liosta tagairtí do Dhoiciméid um Measúnú Eorpach le haghaidh táirgí foirgníochta ([2]). Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart tagairtí do Dhoiciméid nua um Measúnú Eorpach a chur leis an liosta sin.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/450 a leasú dá réir.

(6) Chun bheith in ann na Doiciméid um Measúnú Eorpach a úsáid a luaithe is féidir ionas gur féidir leis na monaróirí a bhfuil Measúnú Teicniúil Eorpach acu cheana a dtáirge a chur ar an margadh, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/450 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/450 ón gCoimisiún an 19 Márta 2019 maidir le foilsiú na nDoiciméad um Measúnú Eorpach le haghaidh táirgí foirgníochta arna ndréachtú chun tacú le Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 77, 20.3.2019, lch. 78, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2019/450/oj).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Samhain 2024.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*Thar ceann an Uachtaráin*
Kerstin JORNA
*Ard-Stiúrthóir*
*An Ard-Stiúrthóireacht um an Margadh Inmheánach, Tionsclaíocht, Fiontraíocht agus FBManna/AS GROW*

*IARSCRÍBHINN*

Cuirtear na rónna seo a leanas isteach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/450 in ord seicheamhach de réir ord na n-uimhreacha tagartha:

| | |
|---|---|
| ‘020096-00-0405 | Córacha dorais inmheánacha nach bhfuil dódhíonach ná nach bhfuil saintréithe rialaithe deataigh iontu agus atá déanta as próifílí miotail’ |
| ‘040635-01-1201 | Bulcábhar polaistiréine ceangailte le haghaidh insliú teirmeach, insliú fuaime nó an dá rud (a chuirtear in ionad na sonraíochta teicniúla ‘EAD 040635-00-1201’)’ |
| ‘041669-00-1201 | Clár inslithe theirmigh atá déanta as aeraghlóthach shilice nó polúireatáin ar ábhar iompróra’ |
| ‘042232-00-0503 | Idirshraith sholúbtha chun fuaim indíreach agus tarchur creathaidh a laghdú’ |
| ‘090078-00-0504 | Leaca ilsraitheanna ceirmeacha le haghaidh cumhdaigh ballaí agus urlár’ |
| ‘130647-00-0304 | Lann-adhmad blocghliúáilte go speisialta’ |
| ‘130767-00-0603 | Ceanglóirí de chineál duail adhmadbhunaithe’ |
| ‘150007-01-0301 | Stroighin Portland ina bhfuil líonach *pozzolana* le haghaidh úsáid thrópaiceach (a chuirtear in ionad shonraíocht theicniúil ‘150007-00-0301’)’ |
| ‘150052-00-0301 | Stroighin ardalúmana alúmanach bhán’ |
| ‘160088-00-0102 | Fearais chun boltaí carraige agus tairní ithreach a thógáil – Fearais ina bhfuil barraí tolla le haghaidh tairne féindruileála – Barraí tolla d’fheadáin chruach gan uaim nó táthaithe’ |
| ‘160208-00-0301 | Eilimintí treisithe ceann dúbailte de chruth s chun friotaíocht fiartha puinseála na mbonnra agus na leac talún a mhéadú’ |
| ‘180037-00-0706 | Fearais comhlaí cúluisce atá déanta as plaistigh atá le cur isteach i gcórais draenála domhantarraingthe’ |
| ‘180040-00-0704 | Deighilteoirí séarachais laistigh d’fhoirgnimh’ |
| ‘180041-00-0704 | Fearais aisfheistithe le haghaidh gléasraí beaga cóireála fuíolluisce’ |
| ‘190021-00-0502 | Aonaid pábhála féinbhlocála phlaisteacha athchúrsáilte’ |
| ‘200006-00-0302 | Líonta cábla a bhfuil comhpháirteanna ceangail iontu’ |
| ‘260057-00-0303 | Eangacha snáithín neamhorgánacha chun scrídeanna stroighne, ainhidríte nó roisínbhunacha a threisiú’ |
| ‘300021-00-0404 | Aonaid ghloine inslithe folúis’ |
| ‘300031-00-0404 | Aonaid ghloine inslithe bhrúchothromúcháin’ |
| ‘330008-04-0601 | Cainéil ancaire (a chuirtear in ionad shonraíocht theicniúil ‘EAD 330008-03-0601’)’ |
| ‘332001-01-0602 | Fearais chlampála chun baill choincréite réamhtheilgthe a nascadh (a chuirtear in ionad na sonraíochta teicniúla ‘EAD 332001-00-0602’) |
| ‘332589-01-0601 | Lúbchóras sreinge chun eilimintí coincréite réamhtheilgthe agus *in-situ* a nascadh (a chuirtear in ionad shonraíocht theicniúil ‘EAD 332589-00-0601’)’ |
| ‘332700-00-0601 | Scriúnna coincréite chun painéil srathaithe a cheangal’ |
| ‘340451-00-0104 | Fearais atá déanta as mogall snáithín gloine alcaildíonach, nascóirí agus moirtéal chun saoirseacht agus eilimintí coincréite treisithe a neartú trí nascadh seachtrach’ |

| | |
|---|---|
| ‘340503-00-1106 | Aonaid foirgnimh dhódhíonacha réamhdhéanta’ |
| ‘360001-02-0803 | Córais aerála déanta as olann charraige agus fásálacha ar an taobh amuigh agus ar an taobh istigh (a chuirtear in ionad shonraíocht theicniúil ‘EAD 360001-01-0803’)’. |